

COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL
Comhairle Contae Fhine Gall



Na Fodhlíthe um Páirceanna agus Spásanna Oscailte Réigiúnacha
2017

**FODHLÍTHE A RIALAÍONN PÁIRCEANNA RÉIGIÚNACHA,
SPÁSANNA OSCAILTE AGUS TAILTE SÚGARTHA ÁINEASA ATÁ
FAOI ÚINÉIREACTH, Á RIALÚ AG NÓ FAOI CHEANNAS
CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL**

CLÁR ÁBHAR

- 1. Teideal agus Tosach Feidhme**
- 2. Léirmhíniú**
- 3. Páirceanna Réigiúnacha a Oscailt agus a Dhúnadh**
- 4. Gníomhartha Coiscthe atá á Rialáil ag na Fodhlíthe seo**
 - 4.1 Iontráil Neamhúdaraíthe chuig Páirc**
 - 4.2 Drugaí**
 - 4.3 Alcól**
 - 4.4 Bruscar**
 - 4.5 Graifítí**
 - 4.6 Trácht, Rothair, Cláir Scátála etc.**
 - 4.7 Ainmhithe**
 - 4.8 Neamhord/Núis Phoiblí**
 - 4.9 Loitiméireacht**
 - 4.10 Clóis Súgartha Leanaí**
 - 4.11 Sruthchúrsaí**
 - 4.12 Carbháin agus Pubaill**
 - 4.13 Trádáil sa Pháirc**
 - 4.14 Imeachtaí, Taibhiú Ceoil etc.**
 - 4.15 Cluichí agus Lúthchleasaíocht**
 - 4.16 Airm Thine**
 - 4.17 Tinte Cnámh, Fulacht Fia etc.**
 - 4.18 Cruinnithe Poiblí**
 - 4.19 Bac**
 - 4.20 Aerárthaí Mionsamhla etc. a Oibriú**
- 5. Cead a Dhiúltú**
- 6. Ceadúnais**
- 7. Cionta**
- 8. An Chéad Sceideal**

FODHLÍTHE FAOI CHUID 19 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001 (ARNA LEASÚ) CHUN AN ÚSÁID A BHAINTEAR AS PÁIRCEANNA, SPÁSANNA AGUS TAILTE SÚGARtha ÁINEASA ATÁ FAOI ÚINÉIREACHT, Á RIALÚ AG NÓ FAOI CHEANNAS CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL, BÍODH SIAD OSCAILTE NÓ IATA, A RIALÚ AGUS A RIALÁIL.

Tá na Fodhlíthe seo i bhfeidhm lena chinntiú go mbaintear an úsáid is mó as páirceanna, spásanna oscailte agus tailte súgartha áineasa agus a saoráidí, go sábháilte agus i gcompond agus chun páirceanna, spásanna oscailte agus tailte súgartha áineasa a chosaint a sholáthraítear mar chonláiste poiblí agus le meas agus tuiscint ar úsáideoirí páirce lena chinntiú go mbaintear a mhéid taitnimh agus is féidir as na conláistí seo.

1. TEIDEAL AGUS TOSACH FEIDHME

Féadtar Fodhlíthe um Páirceanna agus Spásanna Oscailte Réigiúnacha 2017 Chomhairle Contae Fhine Gall a thabhairt ar na Fodhlíthe seo.

2. LÉIRMHÍNIÚ

Sna Fodhlíthe, mura dtugann an comhthéacs a mhalairt le fios, beidh an bhrí a shanntar do na focail agus nathanna seo a leanas, faoi seach, acu feasta, is é sin:

- (a) Áireofar le “páirc” páirceanna, spásanna oscailte agus tailte súgartha áineasa, faoi úinéireacht, á rialú nó faoi úinéireacht Chomhairle Contae Fhine Gall, bíodh siad oscailte nó iata.
- (b) Ciallaíonn “an Chomhairle” Comhairle Contae Fhine Gall.
- (c) Áireofar le “fostaí na Comhairle” gach Maoirseoir, Oifigeach Maoirseachta, Maor Páirce, nó duine eile atá fostaithe ag agus údaraithe mar is ceart ag an gComhairle.
- (d) Áireofar le “uiscí” aibhneacha, inbhir, sruthanna, lochanna, linnte, bíodh siad saorga nó nádúrtha, taiscumair, canálacha etc.
- (e) Ciallaíonn “druga rialaithe” aon substaint, táirge nó ullmhóid a shonraítear sa sceideal leis an Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 nó aon acht nó rialacháin lena leasaítear sin.
- (f) Áireofar le “capall” asal agus miúil.
- (g) Ciallaíonn “stail” capall iomlán fireann os cionn 18 mí d’aois.
- (h) Ciallaíonn “cead na Comhairle” cead i scríbhinn a fháil ó dhuine údaraithe.
- (i) Tá an bhrí chéanna ag “ceadúnas” a bhíonn ag “Cead na Comhairle”.
- (j) Ciallaíonn “Duine Údaraithe” duine atá údaraithe i scríbhinn ag údarás áitiúil.

3. PÁIRCEANNA RÉIGIÚNACHA A OSCAILT AGUS A DHÚNADH

- (a) Beidh an pháirc ar oscailt ar na laethanta siúd agus i rith na n-uaireanta a shocróidh an Chomhairle ó thráth go chéile.
- (b) Féadfaidh na huaireanta oscailte agus dúnta a bheith faoi réir athrú ag an gComhairle de réir mar a éilíonn na cúinsí.

4. GNÍOMHARTHA COISCTHE ATÁ Á RIALÁIL AG NA FODHLÍTHE SEO

4.1 IONTRÁIL NEAMHÚDARAITHE CHUIG PÁIRC

- (a) Ní iontrálfaidh aon duine neamhúdaraíthe nó ní fhanfaidh aon duine neamhúdaraíthe in aon pháirc nuair a bhíonn sí dúnta.
- (b) Ní iontrálfaidh ná ní fhágfaidh aon duine aon Pháirc seachas trí na geataí nó trí oscailtí eile a sholáthraítear don chuspóir sin.
- (c) Ní bhaineann na fodhlíthe a leagtar amach ag 4.1 thuas le fostaithe nó comhaltaí an Gharda Síochána i dtabhairt faoina ndualgas dóibh.

4.2 DRUGAÍ

Ní dhéanfaidh aon duine drugaí rialaithe a thomhailt, a instealladh, a ionanálú nó a ionsú ar bhealach eile nó a shealbhú in aon pháirc.

4.3 ALCÓL

Ní dhéanfaidh aon duine deoch mheisciúil a shealbhú, a thomhailt, iarracht lena tomhailt, nó a sholáthar do dhuine lena tomhailt. Beidh cion déanta má theiptear ar an treoir seo a chomhlíonadh.

4.4 BRUSCAR

Ní dhéanfaidh aon duine aon earra bruscair, faoi mar a shainítear sna hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar, 1977-2009 nó aon achtanna nó rialacháin lena leasaítear sin, a thabhairt chuig, a chur in, a chaitheamh in nó a fhágáil in aon pháirc, seachas i ngabhdáin a sholáthraítear don chuspóir sin.

4.5 GRAIFÍTÍ

Ní dhéanfaidh aon duine díobháil d'aon suíochán, cathaoir, dealbh, struchtúr, fógra nó clár fógraí nó aon mhaoin sa pháirc nó míchuma a chur orthu, graifítí a scríobh orthu nó iad a mharcáil.

4.6 TRÁCHT, ROTHAIR, CLÁIR SCÁTÁLA ETC.

- a) Caithfidh rothaithe iompar a chur ar bun acu ar bhealach a léiríonn meas ar úsáideoirí eile páirce agus ar thréith an cheantair agus caithfidh siad an tslí a ghéilleadh do choisithe ag gach tráth. Níor cheart do rothaithe aon bhealach a úsáid a sainíodh amhail bheith dúnta do rothaithe agus caithfidh siad aon treoracha de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall a chomhlíonadh cé acu má thugtar ar chomharthaí iad nó má thugann Maor Páirce iad.
- b) Ní fhágfaidh aon duine aon fheithicil, rothar nó trírothach sa pháirc gan duine ina bhun, seachas sna háiteanna siúd is féidir a chur ar leataobh mar áiteanna seasta nó páirceála.
- c) Ní thiomáinfidh nó ní cheadóidh aon duine seachas oifigigh údaraithe agus fostaithe na Comhairle go dtiomáinfeadh iad nó go mbeidh siad mar phaisinéir in aon fheithicil faoi thiomáint mheicniúil sa pháirc ar bhealaí neamhúdraithe, seachas i ndiaidh cead i scríbhinn a fháil ón gComhairle agus, ar an gcead sin a fháil, sna limistéir siúd amháin is féidir leis an gComhairle a shainiú.
- d) Ní thiomáinfidh aon duine feithicil ar an bpáirc, seachas ar bhealaí údaraithe.
- e) Is ionann a bheidh an luasteorainn uasta do gach feithicil i bpáirc nó spás oscailte agus 20 ciliméadar san uair. Ní bhainfidh an fodhlí seo le limistéir atá sainithe go sonrach d'oiliúint agus rásaíocht rothair nó limistéir eile a shainíonn an Chomhairle.
- g) Beartaítear nach mbainfidh na fodhlíthe seo le cathaoireacha rothaí, pramanna nó a mhacasamhail d'fheithiclí a bhogtar, a tharraingítear nó a thiomáintear de lámh nó go meicniúil a úsáidtear go hiomlán ar mhaithe le leanaí nó daoine faoi mhíchumas a iompar.
- h) Ní thabharfaidh aon duine in aon pháirc nó in aon spás oscailte faoi scrambling gluaisrothair, seachas i limistéir a shainíonn an Chomhairle don chuspóir sin.
- i) Ní fhéadfaidh ach pátrúin páirceáil atá lonnaithe i bpáirceanna agus spásanna oscailte a úsáid.
- j) Ní bhainfidh na fodhlíthe a leagtar amach in 4.6 (a) go (e) (iad siúd san áireamh) le fostaithe nó comhaltaí an Gharda Síochána i dtabhairt faoina ndualgas dóibh.

4.7 AINMHITHE

- (a) Ní cheadóidh nó ní chuirfidh aon duine faoi deara aon chapall a cheadú faoi mar a shainmhínítear é san Acht um Rialú Capall, 1996 nó aon Rialacháin nó Acht ina dhiaidh sin lena leasaítear sin, faoina (h)úinéireacht agus atá ceadúnaithe leis/léi chun an Pháirc a iontráil nó fanacht inti.
- (b) Ní dhéanfaidh aon duine aon eallach, caora, capall nó ainmhí eile a scaoileadh amach le hinnilt sa pháirc, nó a ligean chun fulaingt nó dul ar strae nó fanacht sa pháirc gan cead i scríbhinn a bheith faighte ón gComhairle.
- (c) Ní dhéanfaidh aon duine capall a thabhairt, a shiúl nó a mharcáocht sa pháirc gan cead scríofa a bheith faighte ón gComhairle agus i ndiaidh an cead sin a fháil, ar na bealaí siúd a fhéadfaidh an Chomhairle a shainiú don chuspóir seo, ó thráth go chéile.
- (d) Coimeádfar madraí i bpáirceanna agus spásanna oscailte ar iall, seachas i limistéir a shainítear mar limistéir nach gá iall a chaitheamh, nó i rith uaireanta a shonraíonn an Chomhairle Contae. Caithfear madraí a choimeád faoi rialú éifeachtúil ag gach tráth. Ní cheadófar madraí (seachas madraí treorach nó madraí cuidithe) i gclóis súgartha phoiblí. Ní chuirfidh duine faoi deara nó ní cheadóidh sé/sí aon Phór Srianata, faoi mar a shainmhínítear é sna Rialacháin um Rialú Madraí, 1998 (arna leasú) ar leis/léi é, nó atá faoi smacht, chun an pháirc a iontráil nó fanacht sa pháirc mura gcoimeádtar béalóg shlán ar an madra sin agus mura siúlann duine inniúil os cionn 16 bliana d'aois an madra sin ar iall nó slabhra atá láidir a dhóthain agus nach faide ná dhá mhéadar ar fad.
- (e) Cuirfidh gach duine atá i gceannas ar mhadra sa pháirc cosc air ó bheith mar chúis le cur isteach ar aon duine a úsáideann an pháirc nó cosc ar bhuairt a chur aon ainmhithe, éin nó créatúir eile sa pháirc nó cosc ar rith sa tóir orthu, iad a ghortú nó cur isteach orthu.
- (f) Beidh gach duine a thugann madra isteach sa pháirc freagrach as a iompar agus beidh sé/sí faoi dhliteanas as aon díobháil nó ghortú a bhféadfadh sé a bheith mar chúis leis. Caithfidh aon duine a thugann madra isteach sa pháirc é a bhaint ón bpáirc má ordaíonn fostaí údaraithe na Comhairle amhlaidh.
- (g) Má dhéanann madra cac sa pháirc, bainfidh an duine i gceannas ar an madra an faecas ón bPáirc. Tá madraí treorach do na daill díolmhaithe ón bhfhodhlí seo.
- (h) Ní bhaineann na fodhlíthe a leagtar amach ag 4.7 (a) go (g) iad siúd san áireamh le fostaíthe nó comhaltaí an Gharda Síochána i dtabhairt faoina ndualgas dóibh.

4.8 NEAMHORD/NÚIS PHOIBLÍ

- (a) Ní chuirfidh aon duine isteach ar nó ní chuirfidh sé/sí aon duine i mbaol nó ní chuirfidh aon duine as do dhuine ar bith a bhaineann úsáid nó taitneamh as an bpáirc.
- (b) Ní lorgóidh aon duine déirce, ní dhéanfaidh aon duine cearrbhachas, friotal graosta nó diamhaslach a úsáid, iompar go mígheanasach nó diansirthe a chur ar bun nó bheith mar chúis ar bhealach eile le cur isteach.
- (c) Ní sheinnfidh aon duine gléasanna ceoil, raidió, steiréónna, etc., a bhaineann an leibhéal torainn sin amach is cúis le cur isteach.

4.9 LOITIMÉIREACHT

- (a) Ní bheidh aon duine mar chúis le díobháil a dhéanamh do mhaoin in aon pháirc.
- (b) Ní chaithfidh aon duine aon diúracán sa pháirc chun díobháil a dhéanamh do mhaoin nó chun aon duine eile nó fiadhúlra a chur i mbaol laistigh den pháirc.
- (c) Seachas le cead sainráite ón gComhairle, ní mhillfidh nó ní dhéanfaidh aon duine díobháil d'aon chrann, tor nó planda a fhásann sa pháirc nó ní phiocfaidh, ní ghearrfaidh nó ní bhainfidh aon duine aon bhláth nó bláthanna nó aon torthaí ar aon chrann, tor nó planda a fhásann ann.
- (d) Ní ghlacfaidh aon duine ón bpáirc nó ní dhéanfaidh aon duine aon éan, nead éin nó uibheacha éin sa pháirc a mhilleadh nó díobháil dóibh nó cur isteach orthu ar bhealach eile nó ní chaithfidh aon duine go dona le, ní chuirfidh aon duine buairt ar nó ní chuirfidh aon duine isteach ar aon ainmhí sa pháirc.
- (e) Ní shiúlfaidh aon duine ar leapacha bláthanna, rosáin, plandálacha nó tailte iata eile sa pháirc.
- (f) Ní dhreapfaidh aon duine aon chrann nó tor sa pháirc nó ní dhreapfaidh aon duine aon fhál, ráille nó balla sa pháirc.

4.10 CLÓIS SÚGARTHA LEANAÍ

- (a) Ní úsáidfidh aon duine os cionn aois 12 bhliain aon chinn den trealamh nó de na gléasanna súgartha in aon chlós súgartha sa pháirc.
- (b) Ní thabharfaidh aon duine in aon Chlós Súgartha faoi thobac nó táirgí a bhaineann le tobac a chaitheamh.

4.11 SRUTHCHÚRSAÍ

- (a) Ní dhéanfaidh aon duine folcadh in aon chinn de na huiscí sa pháirc seachas in aon limistéar atá sainithe don chuspóir sin ag an gComhairle.
- (b) Ní dhéanfaidh aon duine scátáil ar uisce reoite aon locha, linne nó sruthchúrsa sa pháirc ná aon sruthchúrsa den sórt sin a shalú nó a thruailliú.
- (c) Ní úsáidfídh aon duine bád, rafta nó a mhacasamhail d'árthach ar aon sruthchúrsa sa pháirc, seachas le cead a fháil ón gComhairle roimh ré. Ní bhainfidh an fodhlí seo le hárthaí a choimeádann an Garda Síochána agus a úsáideann an Garda Síochána, agus é sin amháin, i dtabhairt faoina dhualgais.
- (d) Ní dhéanfaidh aon duine iascaireacht in aon chuid den pháirc, seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle.

4.12 CARBHÁIN AGUS PUBAILL

- (d) Ní chuirfidh aon duine aon phuball nó ní dhéanfaidh aon duine campáil in aon chuid den pháirc, seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.
- (d) Ní chuirfidh nó ní choimeádfaidh aon duine aon charbhán nó feithicil chodlata in aon chuid den pháirc, seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

4.13 TRÁDÁIL SA PHÁIRC

- (a) Ní thabharfaidh aon duine faoi ghníomhaíocht tráchtála nó fógraíochta i bpáirceanna agus spásanna oscailte mura gceadaíonn an Chomhairle é.
- (b) Seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin, ní dhéanfaidh aon duine aon tráchtearra nó seirbhís d'aon sórt dá laghad a dhíol, a thairiscint, a nochtadh lena dhíol sa pháirc nó ní thaispeánfaidh aon duine aon chomhartha, póstaer, bileog, nó fógra eile sa pháirc nó ní thabharfaidh aon duine sa pháirc faoin ngnó ina nglactar grianghraif d'íocaíocht.
- (c) Seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin, ní ghearrfaidh aon duine, eagraíocht, club, etc. aon táille ar pháirt a ghlacadh in nó féachaint ar aon chluiche, spórt nó taispeántas.
- (d) Ní chuirfidh aon duine aon chathaoir nó suíochán sa pháirc lena fhruiliú, seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

4.14 IMEACHTAÍ, TAIBHIÚ CEOIL ETC.

Eagrófar gach imeacht i bpáirceanna agus spásanna oscailte ar aon dul leis na Treoirínte agus Prótacail Bhainistíochta Imeachtaí ar ghlac Comhairle Contae Fhine Gall leo.

4.15 CLUICHÍ AGUS LÚTHCHLEASAÍOCHT

- (a) Ní eagróidh nó ní ghlacfaidh aon chlub nó eagraíocht páirt i gcluiche peile nó aon chluiche nó lúthchleasaíocht eile seachas sna háiteanna siúd sa pháirc a chuir an Chomhairle ar leataobh don chuspóir sin agus má chuir, faoi réir agus i gcomhréir leis na coinníollacha siúd a fhéadfaidh an Chomhairle a leagan amach ó thráth go chéile nó de réir mar a ordáíonn fostaí údaraithe na Comhairle.
- (b) Ní eagróidh nó ní ghlacfaidh aon duine, club nó eagraíocht páirt i gcluiche peile nó aon chluiche nó lúthchleasaíocht eile nuair a mheasann fostaí údaraithe na Comhairle nach bhfuil an talamh oiriúnach don úsáid sin agus nuair a cuireadh fógra in iúl a chuireann cosc ar imirt sna nuachtáin/ar an raidió do gach páirtí leasmhar agus/nó má chuirtear an fógra sin in airde ag an áit sin nó i ngar dó.
- (c) Ní imreoidh aon duine cluiche gailf nó cruicéid nó ní chleachtfaidh aon duine aon ghné den chluiche in aon chuid den pháirc, seachas sna limistéir siúd a shainítear go sonrach do na cuspóirí siúd.
- (d) Má sháraíonn aon chlub nó eagraíocht agus duine, club nó eagraíocht, faoi seach, aon chinn d'fhorálacha ailt (a) nó (b) den mhír seo, féadfaidh siad a bheith faoi dhliteanas saoráidí imeartha a aistarraingt.
- (e) Ní ghníomhóidh nó ní chuirfidh aon duine iompar ar bun ar an mbealach sin a chuirfidh cosc ar nó a chuirfidh isteach ar chluiche peile nó aon chluiche lúthchleasaíochta a imirt i limistéir den pháirc a shainigh an Chomhairle don chuspóir sin.

4.16 AIRM THINE

Ní thabharfaidh aon duine aon arm tine, aerghunna, crann tabhaill nó aon arm eile isteach sa pháirc, seachas le cead i scríbhinn na Comhairle do chomórtas faofa nó chun comórtas faofa a chleachtadh agus faoi réir théarmaí agus choinníollacha an cheada sin.

4.17 TINTÉ CNÁMH, FULACHT FIA ETC.

Ní dhéanfaidh aon duine aon tine chnámh, tine nó fulacht fia nó ní lasfaidh aon duine aon tinte ealaíne sa pháirc, seachas le cead roimh ré a fháil ón gComhairle nó i láithreacha atá sainithe do na cuspóirí siúd.

4.18 CRUINNITHE POIBLÍ

Ní chuirfidh aon duine cruinniú poiblí nó seirbhís reiligiúnach ar siúl nó ní labhróidh aon duine os comhair cruinniú poiblí nó seirbhís reiligiúnach, seachas le cead i scríbhinn ón gComhairle.

4.19 BAC

Ní chuirfidh aon duine in aghaidh, aon bhac ar nó isteach ar aon fhostaí den Chomhairle nó duine eile i bhfeidhmiú a d(h)ualgais nó ní thabharfaidh aon duine neamhaird ar a t(h)reoracha dleathacha.

4.20 AERÁRTHAÍ MIONSAMHLA ETC. A OIBRIÚ

Ní oibreoidh aon duine aon Chóras Aerárthaí gan Fhoireann (UAS) “drón”, aon aerárthach a chianphíolótaítear, aon aerárthach mionsamhla, aon ártach mionsamhla seoltóireachta nó aon fheithicil mhionsamhla faoi thiomáint mheicniúil i bpáirc poiblí nó spás oscailte poiblí seachas i láithreacha nó ag amanna a shainíonn an Chomhairle do na gníomhaíochtaí siúd agus faoi réir riachtanais Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) nó comhlachtaí reachtúla ábhartha eile agus chomh maith leis sin, a fhad go gcomhlíontar riachtanais na Comhairle maidir le príobháideachas, cosaint sonraí, sláinte agus sábháilteacht agus árachas.

5. CEAD A DHIÚLTÚ

Féadfaidh an Chomhairle cead a dhiúltú d’aon chinn de na cuspóirí a luaitear sna fodhlíthe seo, agus aird ar chluí an iarratasóra, an líon daoine a bhfuil ceadúnais á sealbhú cheana féin acu den aicme ar cuireadh isteach uirthi, agus ar chompond agus áisiúlacht chuairteoirí chuig an bpáirc, má mheasann siad nár cheart ceadúnas a dheonú.

6. CEADÚNAIS

Tabharfar aon chead a thugtar d’aon duine, club nó eagraíocht chun aon duine, club nó eagraíocht díobh siúd aon chuid den pháirc a áitiú go heisiach agus/nó go sonrath i gcomhréir leis na coinníollacha siúd a mheasann an Chomhairle is cuí agus aird ar na cúinsí in aon chás ar leith.

7. CIONTA

- (a) Beidh sé dleathach d'aon Duine Údaraithe nó d'aon chomhalta den Gharda Síochána chun na fodhlíthe seo a chur i bhfeidhm agus chun aon duine a eisiamh nó a bhaint d'aon chuid den pháirc a sháraíonn na fodhlíthe thuas agus chun dul i mbun aon bhearta eile a údaraítear faoin dlí.
- (b) Beidh duine a sháraíonn foráil de na fodhlíthe seo ciontach i gcion agus beidh sé/sí faoi dhliteanas ar ciontú achomair fíneáil a íoc nach mó ná €1,300.
- (c) Má leantar le foráil de na fodhlíthe seo a shárú i ndiaidh ciontú, beidh an duine is cúis leis an sárú ciontach i gcion breise agus beidh sé/sí faoi dhliteanas fíneáil a íoc nach mó ná €130 an lá.
- (d) Má chuireann aon duine bac nó srian ar nó má dhiúltaíonn sé/sí iarraidh a dhéanann comhalta den Gharda Síochána nó duine údaraithe a chomhlíonadh a ghníomhaíonn i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna a bhronntar sna fodhlíthe seo ar dhuine údaraithe, ciontach i gcion.
- (e) Sa chás go bhfuil duine údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána faoin tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó go ndearna duine lena mbaineann na fodhlíthe seo cion, féadfaidh an duine údaraithe nó an Garda, de réir mar a bheidh, ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus má dhiúltaítear an t-éileamh seo nó má thugann an duine ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, beidh an duine ciontach i gcion.
- (f) Sa chás go bhfuil comhalta den Gharda Síochána faoin tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó go ndearna duine lena mbaineann na fodhlíthe seo cion, féadfaidh an comhalta sin an duine a ghabháil gan bharántas.
- (g) Féadfaidh an Chomhairle, aon údarás áitiúil eile a ghníomhaíonn thar a cheann nó comhalta den Gharda Síochána, cion faoi na fodhlíthe seo a ionchúiseamh.
- (h) Féadtar fógra a sheirbheáil ar dhuine ina sonraítear íocaíocht sheasta nach mó ná €100 i dtaca le sárú ar fhodhlí mar rogha eile ar ionchúiseamh don sárú. Is é a bheidh i bhfógra na híocaíochta seasta, go ginearálta, an fhoirm den fhógra a leagtar amach sna chéad sceidil leis na fodhlíthe seo.

COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL
NA FODHLÍTHE UM PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA
OSCAILTE RÉIGIÚNACHA 2017

8. An Chéad Sceideal

FÓGRA UM ÍOCAÍOCHT SHEASTA CHUN CRÍOCHA CHUID 19 D'ACHT
RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001 (ARNA LEASÚ)

AINM AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL: _____

Chuig: **Ainm:** _____
Seoladh: _____

Líomhnaítear gur sháraigh tú forálacha na bhfodhlíthe a dhéantar faoi Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001(arna leasú) ag

.....
(sonraigh, i dtéarmaí ginearálta, cineál an tsáraithe ag
an I rith na tréimhse seo 21 lá dar tús dáta an fhógra seo, féadfaidh tú suim Euro a íoc, i dteannta an fhógra seo, ag oifigí an údaráis áitiúil a ainmnítear san fhógra seo atá lonnaithe ag
..... .

Ní chuirfear tús le hionchúiseamh i dtaca leis an sárú líomhnaithe i rith na tréimhse luaite agus má íoctar an tsuim Euro i rith na tréimhse sin, ní chuirfear tús le haon ionchúiseamh ag aon tráth.

Sínithe: **Dáta:**
(Duine Údaraithe)

TÁBHACHTACH: Glacfar le híocaíocht ag oifigí an údaráis áitiúil a shonraítear thuas agus caithfear an fógra seo a sholáthar leis an íocaíocht. Is féidir íocaíocht a dhéanamh sa phost. Ba cheart go mbeadh seiceanna iníoctha le - Comhairle Contae Fhine Gall.

Tabharfar fáltas.

Tá tú i dteideal neamhaird a thabhairt ar an bhfógra seo agus ionchúiseamh an tsáraithe líomhnaithe a chosaint sa Chúirt.

COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

NA FODHLÍTHE UM PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE RÉIGIÚNACHA FAOIN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001 (ARNA LEASÚ)

I LÁTHAIR nuair a cuireadh Comhshéala
COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL
leis seo:

Cathaoirleach/Comhalta Ainmnithe
Comhairle Contae Fhine Gall

SÉALA

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin